An Ceathrú Domhnach den Charghas Márta 10ú 2024 - Lá na Máithreacha

Is Domhnach speisialta é an ceathrú Domhnach den Charghas. Tugtar Domhnach Laetare air. Is ionann an focal Laidne Laetare agus GLIONDAR nó RÍMÉAD. Is lá áthais é i lár an Charghais.

- *In Éirinn agus i Sasana déanann muid ceiliúradh ar Lá na Máithreacha ar an Domhnach speisialta seo sa Charghas.*
- *Tá ceiliúradh á dhéanamh air seo in Éirinn leis na céadta bliain.*
- *Fadó in Éirinn, bhíodh páistí ó theaghlaigh bochta na dtionóntaí ag obair mar shearbhóntaí sna TITHE MÓRA do na tiarnaí talún saibhre.*
- *Bhí cead acu filleadh abhaile uair sa bhliain, ar an gceathrú Domhnach den Charghas, chun cuairt a thabhairt ar a dteaghlaigh.*
- *Bhíodh "lá saor" acu ar an lá seo chun cuairt a thabhairt ar an séipéal agus ansin bhí cead acu dul abhaile chun a gcuid máithreacha a fheiceáil.*

- *Thug cuid de na páistí seo bronntanas leo le tabhairt dá gcuid máithreacha. Phioc cuid eile acu bláthanna fiáine ar leataobh an bhóthair agus thug leo abhaile iad. Rinne roinnt mhaith de na cailíní cáca speisialta ar a tugadh cáca Simnel agus thug leo abhaile é mar bhronntanas. Ba cháca torthaí a bhí anseo a bhí maisithe le haon liathróid déag déanta as prásóg (marzipan) chun comóradh a dhéanamh ar aon aspal déag Íosa (níor cuireadh Iúdás san áireamh).*
- *Bhí cead ag daoine troscadh an Charghais a bhriseadh chun an cáca seo a ithe.*

Céard a dhéanfaidh tusa dod mháthair ar Lá na Máithreacha i mbliana? B'fhéidir go gcumfaidh tú dán dí? Nó an ndéanfaidh tú cárta di? An dtarraingeoidh tú pictiúr di? An ndéanfaidh tú colláis de na hamanna agus na bealaí a dtugann tú grá ded Mham? An dtabharfaidh tú barróg mhór di? Smaoinaíonn muid ar na teaghlaigh nach bhfuil a gcuid máithreacha in ann a bheith in éineacht leo i mbliana nó b'fhéidir go bhfuil siad in éineacht le Dia sna Flaithis?

Paidir do Lá na Máithreacha

A Thiarna glacaimid buíochas leat as ucht ár máithreacha.
Smaoinaíonn muid orthu ar an lá speisialta seo,
bíodh siad fós linn nó ar shlí na fírinne.
Tugann muid chun cuimhne a gcineáltas, a gcomhbhá agus an aire a thugann siad dúinn
Agus thar aon ní eile a ngrá dúinn i gcónaí.
Guímis go mbreathnóidh tú amach dóibh
Agus tacaíocht agus cúnamh a thabhairt dóibh ó lá go lá
Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
Áiméan.